



**Ráiteas ón gCoimisinéir Teanga – 14 Bealtaine 2015**  
**Lánchosc: 11r.n, 14 Bealtaine 2015**

D’fhógair an Coimisinéir Teanga go bhfuil teip na Roinne Oideachais & Scileanna a chuid dualgas faoin Acht Oideachais a chomhlíonadh tuairiscithe aige chuig Tithe an Oireachtais. Dúirt Rónán Ó Domhnaill nach raibh an Roinn tar éis moltaí a bhí déanta in imscrúdú reachtúil a chur i bhfeidhm go sásúil. Léirigh an t-imscrúdú go ndearnadh iarracht tabhairt ar scoil Ghaeltachta a fheidhmíonn trí Ghaeilge glacadh le hath-implonú múinteora ó phainéal ath-implonnaithe nuair nár chreid údaráis na scoile sin ná na múinteoirí a bhí i gceist go raibh oiread líofachta ag na múinteoirí sa Ghaeilge lena gcuid oibre a dhéanamh go cuí sa teanga sin.

Ag tagairt dó don chás ag seoladh a Thuarascála Bliantúla, dúirt an Coimisinéir Teanga *“Is é seo an chéad uair dom cás a chur chuig Tithe an Oireachtais, agus ní dóigh liom go bhféadfadh sé a bheith ar ábhar níos tábhachtaí. Níl córas curtha in áit ag an Roinn Oideachais a chinntíonn go mbeidh Gaeilge ar a dtoil ag múinteoirí a bhíonn fostaithe ag scoileanna Gaeltachta nó ag Gaelscoileanna. Ní fhéadfainn glacadh leis sin.”*

Mar chuid de chlár faireacháin na hOifige in 2014, rinneadh iniúchadh ar leibhéal géilliúlachta na n-údarás áitiúil maidir lena ndualgas go mbeadh fógairtí taifeadta béil dátheangach. Fuarthas nach raibh ach dhá údarás áitiúla, Dún na nGall agus Laois, a raibh a gcuid fógairtí taifeadta géilliúil ag na huimhreacha poiblí. *“Léiríonn sé seo an easpa cúraim atá á dhéanamh ag an Stát don teanga i gcoitinne; mura bhfuil na húdaráis áitiúla ag cloí lena gcuid dualgais teanga, cén seans atá ag an saoránach seirbhís mar is ceart a fháil ón Stát i gcoitinne?”*

I rith na bliana 2014 sheol an Coimisinéir Teanga seacht n-imscrúdú reachtúla, agus d’eisigh sé tuarascáil chríochnúil i dtaca le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Bus Átha Cliath agus an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród. *“Go ginearálta, baineann na himscrúduithe le*

*heaspa feasachta i measc comhlachtaí poiblí ar na píosaí is bunúsaí de reachtaíocht teanga na tíre.*

Tá níos mó ná bliain caite ag an Uasal Ó Domhnaill sa phost tar éis dó teacht i gcomharbacht ar Shéan Ó Cuirreáin i mí an Mhárta 2014. Tá cóip dá ráiteas iomlán ar fáil ag [www.coimisineir.ie](http://www.coimisineir.ie).

## **Nótaí d'Eagarthóirí**

### **Gearáin agus Imscrúduithe**

Phléigh Oifig an Choimisinéara Teanga le 709 gearán nua sa bhliain 2014, méadú 1% ar an mbliain 2013 (702). Bhí 88 gearán ar oscailt ag deireadh na bliana 2014 i gcomparáid le 72 ag deireadh na bliana 2013.

Feidhmíonn an Oifig córas idirbheartaíochta neamhfhoirmiúil mar chéad chéim den phróiseas imscrúduithe a chiallaíonn go réitítear an chuid is mó de na cásanna trí phlé le comhlachtaí poiblí nó trí chomhairle a chur ar fáil do shaoránaigh.

Seoladh 7 n-imscrúdú reachtúla i rith na bliana 2014 agus eisíodh tuairisc dheiridh i leith na Gníomhaireachta um Fháil Iarnród, Bhus Átha Cliath agus Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. (Tá sonraí iomlána na gcásanna sin le fáil ar leathanaigh 29 – 43 den Tuarascáil Bhliantúil.)

### **Scéimeanna Teanga**

Ag deireadh na bliana 2014 bhí 99 scéim teanga daingnithe, a chuimsigh 113 comhlacht poiblí. Bhí 53 de na 99 scéimeanna sin i bhfeidhm le níos mó ná trí bliana – an tréimhse ama a bhfuil comhlachtaí poiblí in ainm is scéim nua a dhaingníú leis an Aire. Cé gur tháinig ardú ar líon na scéimeanna teanga a d'aontaigh an tAire, tháinig ardú chomh maith ar an meántréimhse a bhfuil scéimeanna in éag, ó 32 mí go 50 mí. Tá dearcadh an Choimisinéara i leith scéimeanna teanga leagtha amach go soiléir aige in óráidí a thug sé ag Coistí Oireachtais agus ag imeachtaí poiblí, agus sa ráiteas a thug sé inniu.

### **Tuarascáil chuig Tithe an Oireachtais**

Sa chás go ndéanann an Coimisinéir moltaí in imscrúdú reachtúil agus nach gcuirtear na moltaí sin i bhfeidhm go sásúil, tá sé de cheart ag an gCoimisinéir tuarascáil a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais ar an ábhar. Chinn an Coimisinéir tuarascáil den chineál seo a sheoladh de bharr nach raibh sé sásta go raibh moltaí a bhí déanta in imscrúdú ar an Roinn Oideachais agus Scileanna curtha i bhfeidhm. Tá eolas breise maidir leis an gcás le fáil ar lch 40-45 de Thuarascáil na bliana 2013

[http://www.coimisineir.ie/downloads/Tuarascail\\_Bhliantuil\\_2013.pdf](http://www.coimisineir.ie/downloads/Tuarascail_Bhliantuil_2013.pdf)

### **Iniúchadh ar Fhógairtí Taifeadta Béil**

Faoi na rialacháin atá déanta faoi alt 9(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (I.R. 391 de 2008), caithfidh aon teachtaireacht ag uimhir theileafóin phoiblí, i.e. príomhuimhir nó uimhir rannóige, a bheith i mBéarla agus i nGaeilge. Le linn na bliana 2014 rinne Oifig an Choimisinéara Teanga iniúchadh ar fhógairtí taifeadta béil, agus fuarthas go raibh leibhéal an-íseal géilliúlachta i measc na n-údarás áitiúil leis na rialacháin. Tá athbhreithniú ar bun faoi láthair agus tá méadú áirithe tagtha ar líon na n-eagraíochtaí atá géilliúil do na rialacháin.

### **Cás Cúirte**

Ar an 20 Feabhra 2015 dhiúltaigh an Breitheamh Colm Mac Eochaidh san Ard-Chúirt don athchomharc a bhí lorgtha ag Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim ar chinneadh an Choimisinéara Teanga ar chás a bhain le halt 9(3) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. D'fháiltigh an Coimisinéir Teanga roimh an gcinneadh ag an am, agus dúirt *"Is é an rud is tábhachtaí domsa mar Choimisinéir ná go ndéanfaí cosaint ar chearta teanga an tsaoránaigh. Creidim go gcosnaíonn cinneadh an lae inniu na cearta sin."* Tá sonraí an cháis le fáil ar lgh 49-54 de Thuarascáil Bhliantúil 2013.

[http://www.coimisineir.ie/downloads/Tuarascail\\_Bhliantuil\\_2013.pdf](http://www.coimisineir.ie/downloads/Tuarascail_Bhliantuil_2013.pdf)

Oifig an Choimisinéara Teanga

An Spidéal

Gaillimh

091504006

[eolas@coimisineir.ie](mailto:eolas@coimisineir.ie)